BHUEL! FEABHRA 2015 IMLEABHAR 17 EAGRÁN 3
EAGARTHÓIR:NUALA DE BÚRCA
© IONAD NA GAEILGE LABHARTHA

Tradfest 2015
29 Eanáir – 1 Feabhra

Déardaoin:
5pm: Seomra Seimineáir CACSSS, Áras Uí Rathaille: Léacht Cuimhneacháin Uí Riada le Niall Vallely, Ealaíontóir Traidisiúnta Cónaithe COC, dar teideal "This is a tune I made up": Composition in Irish Traditional Dance Music. Beidh sólaistí ar fáil.

Dé hAoine:
9pm: Cogadh na mBannaí san Old Oak.

Dé Sathairn:
2pm: An Seomra Caidrimh: Comórtas na bPort Nua-Chumtha.

9pm: Ostán Metropole, Sráid Mhic Churtáin: Ceolchoirm le 'Breaking Trad' agus Lisa Canny.

12am: Ostán Metropole: Dioscó Traidisiúnta.

Dé Domhnaigh:
12pm: Sáipéal Uí Ónáin: Aifreann le ceol traidisiúnta.

Coimeádaigí súil ar ár leathanach Facebook le haghaidh tuilleadh eolais!
www.facebook.com/ucctradsoc www.twitter.com/ucctradsoc
tradsoc@uccsocieties.ie

Bígí linn!



Reachtaire Chumann an Cheoil Thraidisiúnta

Ainm? Nicole Ní Longargáin.

Aois? 20.

Cad as duit? Is as Port Láirge mé. Na Déise abú!

Cén cúrsa atá ar siúl agat? Ceol le Gaeilge.

Bliain sa choláiste: An dara bliain.

An rud is fearr mar gheall ar UCC? Na mic léinn agus TradSoc, ar ndóigh!

Ainm do pheata? Mo mhadraí Buddy agus Mika agus mo chapall álainn Barbie, goa!

An ghiúirléid is fearr: Mo ríomhaire.

An focal Gaeilge is fearr leat? Amadán.

An Ghaeltacht is fearr?: An Rinn. Na Déise abú!

Des Bishop nó Dáithí Ó Sé? Dáithí, gan aon agó!

R na G nó Raidió Rí-Rá? R na G.

www.focal.ie nó www.focloir.ie ? focal.ie

An iomáint nó an pheil ghaelach? An iomáint, gan amhras!

Fleadh Cheoil na hÉireann nó An tOireachtas: Fleadh Cheoil na hÉireann, an fhéile is fearr ar domhan!

An uirlis cheoil is fearr? An fhidil nó an chruit.

An ceoltóir nó an t-amhránaí is fearr in Éirinn? Zoe Conway.

An grúpa ceoil is fearr in Éirinn? Goitse, De Danann.

An rud is fearr mar gheall ar chultúr na hÉireann: An ceol agus an teanga.

Cén fáth gur chuir tú isteach ar an bpost mar reachtaire? Chuir mé isteach air mar is breá liom an ceol traidisiúnta. Thosaigh mé ag seinnt na fidle nuair a bhí mé trí bliana d'aois. Ceapaim go bhfuil sé an-tábhachtach an ceol agus an cultúr a chaomhnú, chomh maith.

6 o s o i c i n d l e

Cad é do mheas ar an gceol traidisiúnta sa choláiste? Is breá liom an ceol traidisiúnta sa choláiste. Tá a lán deiseanna in UCC chun ceol traidisiúnta a sheinnt. Seinneann TradSoc UCC sa seanbheár gach Luan ar leathuair tar éis a hocht agus bíonn ceolchoirm ar siúl gach Ceádaoin sa Seomra Caidrimh ar a haon a chlog.

Cad eile a dhéanfaidh tú chun ceol traidisiúnta sa choláiste a fheabhsú? Tá caighdeán an cheoil i measc na mac léinn thar barr cheana féin ach déanfaimid ár seacht ndícheall níos mó ceolchoirmeacha a chur ar siúl cé go bhfuil airgead thar a bheith gann na laethanta seo! Scaipfimid eolas faoi cheolchoirmeacha eile a bhíonn ar siúl sa chathair, chomh maith.

An seisiún ceoil is fearr i gCorcaigh? Ó, an seanbheár gach oíche Luain!

Tionól Nioclás Tóibín

Rinn Ua gCuanach
13-15 Feabhra 2015

Facebook – Tionól Nioclás Tóibín



An Gobán Saor

Nuair a chloisimid faoin gcarachtar thuas luaite, tagann na seanlaethanta agus oícheanta scoraíochta cois tine chun mo chuimhne. Bhíodh na scéalaithe ag bothántaíocht ó thigh go tigh istoíche agus bhíodh fáilte Uí Cheallaigh rompu i gcónaí. Molaim na cláracha seachtainiúla ar TG4, an stáisiún teilifíse is fearr, dar liomsa, maidir le cláracha faisnéise, béaloidis, grinn, spóirt agus tuilleadh nach iad. Bhíos an-fhiosrach go deo nuair a chonaic mé an teideal *An Gobán Saor* agus bhíos ag faire amach don chlár céanna. Bhaineas an-taitneamh as. Bhí smaoineamh úrnua ag TG4 aríst agus cúrsaí grinn a bhí i gceist. Ní seó scigireachta é cosúil lena lán des na cláracha grinn a fheicimid na laethanta seo ach buíon bheag agus scéalta greannmhara as Gaeilge á n-insint acu. A scéalta féin atá ann. Bíonn gnáthscéalta, scéalta a bhaineann le gach éinne á n-insint acu, is iad ina n-aonar ar an stáitse. Bhí an réalt amhránaíochta, Seán Ó Sé ina measc le déanaí. Dúradh liom go mbeidh cúpla clár eile den tsaghas sin ann agus go mbeidh na mná ar stáitse an chéad uair eile, ambaist! Molaim an smaoineamh nua seo agus tá súil agam go leanfaidh an tsraith bhríomhar ghreannmhar seo ar aghaidh amach anso.

Bíonn *An Gobán Saor* ar siúl gach Domhnach ar TG4 ag 21.15.

Nuair is gann é an bia is ea is fial é a roinnt!

Eilís Uí Bhriain

GRADAM NA GAEILGE

Gradam na Gaeilge

Duais €1,000

Ar fáil do mhic léinn cláraithe uile na hOllscoile.
Do mhic léinn a dheineann a seacht ndícheall chun an Ghaeilge a chur chun cinn timpeall na hOllscoile.

Eolas ar fáil

⇨⇨Oifig na Gaeilge
Labhartha⇦⇦
Seomra G02
Áras Uí Rathaille
COC

Dáta deireanach le cur isteach ar an nGradam

☞☞ Dé hAoine 13 Márta 2015 ☜☜

Teil: 021 – 4902314
Facs: 021 – 4903329
Post L: g.labh@ucc.ie

Urraithe ag an Dr Diarmuid Ó Mathúna Stiúrthóir Chomhairleoirí Maoine 'City Life' City Life Wealth Advisiors,Corcaigh

Éigse na Brídeoige

31 Eanáir -2 Feabhra 2014

www.eigsenabrideoige.com

Comórtas

Cum teideal nó rann a bheadh in oiriúint don ghrianghraf thíos.
€30 an duais!

Seol do fhreagra chugam ag n.deburca@ucc.ie faoin 12 Feabhra.

Scoil Cheoil an Earraigh

18 – 23 Feabhra 2015

http://www.scoilcheoil.com/

Rerá

Oíche shiamsaíochta i gClub Cruicéid Chorcaí
8pm, 13 Feabhra 2015
www.rera.ie

Eagarfhocal

Más mian le héinne píosa eolais, alt, scéilín nó dán a scríobh don chéad eagrán eile seol ríomhphost chugam ag n.deburca@ucc.ie

Scoláireachtaí Gaeltachta

'Chaitheamar seachtain iontach sa ghaeltacht i gCiarraí, mholfainn d'aon scoláire é.'
Evelyn

'Taithí iontach éagsúil a bhí agam ar an Scoláireacht – ag fanacht le clann, ag caint le haoíchainteoirí agus ag baint súip as saol sóisialta na háite. Fuaireamar taithí agus léargas iontach ar shaol na Gaeltachta.'
Christine

'An tseachtain is fearr riamh i mo shaol.' **John**

'Deis iontach atá ann, go háirithe do dhaoine nach mbíonn an deis acu Gaeilge a labhairt de ghnáth agus bhí an áit go hálainn.' **Rónán**

'Bhí sé ar fheabhas.' **Eric**

Tagaigí go G.01 san ORB aon lá idir **23/02/'15 – 25/02/'15.** Ná cailligí bhur seans, bígí linn!!!

Rogha an Eagarthóra -Suíomhanna Idirlín na Míosa

www.tuairisc.ie
www.nos.ie
www.peig.ie
http://www.impiirelandgreetingcards.com/irish-language-cards.html

Físeán na Míosa:

http://tuairisc.ie/fisean-asnc-aindi-na-hardteiste/

ATHRÚ AR AN SEOLADH focal.ie

Tá an Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge (focal.ie) le haistriú ón seoladh "focal.ie" chuig an seoladh "tearma.ie" ar an 1 Márta 2015. Déanfar atreorú uathoibríoch ó "focal.ie" go "tearma.ie" ar feadh tréimhse ina dhiaidh sin. De bharr go bhfuil foclóir ginearálta ar fáil anois ag www.focloir.ie, tá an t-athrú seo á chur i gcrích le go dtuigfidh úsáideoirí go soiléir gur bunachar téarmaíochta atá in "focal.ie"/"tearma.ie", agus nach mbeidh mearbhall ar an bpobal i dtaca le "focal.ie" agus "focloir.ie".

Cúrsa Ríomhaireachta

I measc na nithe a chlúdófar beidh:

1. Ríomhaire/Táibléad – cad atá faoin gclúdach?
2. Suíomhanna Idirlín a bheadh úsáideach don ghnáthdhuine.
3. Na meáin shóisialta
4. Podchraoladh agus sruthú – ag aimsiú áiseanna a bheadh uait ar líne.
5. Néalríomhaireacht – áiseanna atá ar fáil ar líne duit.
6. Ceangal a dhéanamh idir do ghuthán cliste/táibléad is do ríomhaire.
7. Do ríomhaire a chosaint. Cláracha frithvíreas srl.
8. Grianghrafadóireacht – Cad is féidir a dhéanamh le grianghraifeanna?

is cúpla rud eile chomh maith

Má tá tuilleadh eolais uait nó má tá fonn ort an cúrsa a dhéanamh, cuir ríomhphost chuig Cearbhall ag an seoladh k.coleman@ucc.ie nó ag an uimhir 021-4903794.

Beidh Fáilte Roimh Gach Éinne.